

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA AN BRAINSE BUNOIDEACHAIS

CHUIG: BOIRD BHAINISTÍOCHTA, PRÍOMHOIDÍ AGUS GACH DUINE DEN FHOIREANN TEAGAISC I mBUNSCOILEANNA

DALTAÍ A CHOINNEÁIL SIAR SA GHRÁD CÉANNA I MBUNSCOILEANNA

Daltaí a Choinneáil Siar Sa Ghrád Céanna i mBunscoileana

1. Réamhrá

- 1.1 Leasaíonn an Ciorclán seo [Ciorclán Bunoideachais 11/01](#) maidir le rialacháin a rialaíonn daltaí a choinneáil siar i mBunscoileanna.

2. Polasaí Reatha maidir le Coinneáil Siar

- 2.1 Tá Curaclam na Bunscoile leagtha amach mar chúrsa ocht mbliana, lena n-áirítear sraith dhá bhliain do naíonáin agus sé bliana i gcaighdeán ón gcéad chaighdeán go dtí an séú caighdeán, agus téann leanaí ar aghaidh chuig an gcéad ghrád eile ag deireadh gach scoilbhliana. Tá curaclam na bunscoile solúbtha agus leanbh-lárnach, agus féadfar é a oiriúnú chun freastal ar riachtanais leanaí.
- 2.2 Tá an Roinn ag cur tacaíocht shuntasach ar fáil do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu i scoileanna. Tá múinteoirí tacaíochta foghlama, múinteoirí acmhainne, cúntóirí riachtanas speisialta agus réimse leathan acmhainní faoi na scéimeanna éagsúla do scoileanna i gceantair atá ainmnithe a bheith faoi mhíbhuntáiste i measc na gcineálacha soláthair a leithroinntear ar scoileanna do na daltaí sin. Ba chóir go gcuirfeadh an leibhéal soláthair sin ar chumas daltaí dul chun cinn a dhéanamh ag teacht lena riachtanais agus lena gcumas agus gluaiseacht ar aghaidh trí na leibhéil ranga, ceann i ndiaidh a chéile, sa scoil dála a gcomhdhaltaí.

- 2.3 Faoi pholasaí na Roinne, níor chóir go gceadófaí do dhaltaí bliain a dhéanamh an athuair ach amháin ar chúiseanna oideachais agus in imthosca eisceachtúla. Níor chóir go mbeadh leibhéal gráid breise i bhfeidhm trí na daltaí ar fad nó líon substaintiúil daltaí a choinneáil siar ag leibhéal gráid.
- 2.4 In imthosca eisceachtúla den sórt sin chinneann Príomhoide, tar éis dul i gcomhairle leis an múinteoir tacaíochta foghlama/múinteoir acmhainne agus leis an múinteoir ranga agus tuismitheoirí an dalta, go rachadh sé chun leasa an dalta go hoideachasúil an leibhéal gráid a dhéanamh an athuair. Ba chóir taifid a thugann tuairisc ar an mbunús oideachasúil don chinneadh an leanbh a choinneáil siad a choimeád don dalta a choinnítear siar amhlaidh. Ina theannta sin, ba chóir clár sonrath a bheith imlínithe do dhalta den sórt sin a dhéanann taifeadh go sonrath ar an gcur chuige nua a úsáidfear ina leith agus cén tairbhe mheasta a bheidh i gceist. Ba chóir na taifid sin a choinneáil sa scoil agus ba chóir don Phríomhoide aird an Chigire a tharraingt orthu nuair a thabharfaidh sé/sí cuairt ar an scoil. Níor chóir d'aon dalta grád a dhéanamh an athuair níos mó ná uair amháin i mbunscoil.
- 2.5 I ngach cás lena mbaineann cialachais foirne le coinneáil siar beartaithe daltaí ní mór an Rannóg Íocaíochtaí Bunoideachais de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta a chur ar an eolas.

3 Daltaí a aistriú chuig Bunscoil eile chun an Séú Rang a athdhéanamh

- 3.1 Níor chóir do dhaltaí a bhfuil an séú rang críochnaithe acu aistriú chuig bunscoil eile chun an séú rang a athdhéanamh. Sa chás go mbeadh scoil chun daltaí ó scoil eile a chlárú ar a rolla chun an séú rang a athdhéanamh ní áireofar na daltaí sin mar dhaltaí incháilithe chun críche leibhéal foirne agus eile. Ní íocfar deontais cheannsrathithe agus eile i leith dhaltaí den sórt sin.

4. Deireadh a chur le Sraith Naoi mBliana

- 4.1 Ó eisíodh Ciorclán Bunoideachais 11/01 i Márta 2001 ní fhéadfaidh scoil meánrang naíonán nó athdhéanamh ar rang a sé/ rang a seacht a fheidhmiú. Sa chás go leanfadh scoil uirthi leis an gcleachtas maidir le daltaí a chlárú do mheánrang naíonáin nó do rang athdhéanaimh, ní áireoidh an Roinn na daltaí i ranganna den sórt sin chun críche rolla bailí na scoile a chinneadh. Ní íocfar deontais cheannsrathithe agus eile i leith dhaltaí den sórt sin.

Féadfar teacht ar an gclár seo chomh maith ar láithreán líonra na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ag www.education.ie